

Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Nollaig 2020

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers



@jct_RE



www.jct.ie



info@jct.ie

Fáilte

A Chomhghleacaithe an OR,
Fáilte go dtí eagrán mhí na Nollag de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. An mhí seo déanaimid iniúchadh ar an bpríomhscil 'A bheith liteartha', agus roinnfidh muid leideanna teicneolaíochta agus oideolaíochta chun cabhrú leis an scil sin, a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do MRB 1.

Lá Cnuasaigh FGL

Tá lúcháir orainn go mbeidh na laethanta cnuasaigh ar siúl ar líne i mí Eanáir, i mí Feabhra agus i mí an Mhárta. Seoladh sonraí agus dátaí chuig bhur scoil. Táimid ag dréim le sibh a fheiceáil go fíorúil.

Dátaí don dialann – Nollaig 2020

2nd	Seimineár Gréasáin MRB 1 OR SSM 7pm Imeachtaí agus ceiliúradh atá le teacht ón bhféilire id-irchreidimh
8th	Féile Ghiniúint Mhuire Gan Smál <i>Críostaíocht</i>
8th	Lá Bodhi <i>Buddhist</i>
10th	Lá Idirnáisiúnta um Chearta an Duine <i>Idirnáisiúnta</i>
10th—18th	Hanukkah <i>Giúdachas</i>
25th	An Nollaig <i>Críostaíocht</i>

Príomhscil i bhfócas: A Bheith Liteartha

Tugann an scil seo deis d'fhoghlaimoirí deascileanna litearthachta a fhorbairt, agus cuireann sí "foghlaim ar feadh an tsaol", féinmheas agus caighdeán ginearálta na beatha chun cinn. Cuidíonn sé le scoláirí freisin maidir le:

- Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt
- Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticúil
- Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla
- Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas
- Mo theanga labhartha a fhorbairt
- Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha



Seimineár Gréasáin agus Tacaí MRB 1

Mar is eol duit, tosaíonn an uain i gcomhair MRB 1 don OR ar an 6 Eanáir agus leanann sí ar aghaidh go dtí an 14 Bealtaine. Roimhe sin, beidh foireann OR SSM ag óstáil seimineár gréasáin ar an 2 Nollaig ag 7pm chun cabhrú leat pleanáil agus próiseas MRB 1 a láimhseáil. Beidh deis ann ceisteanna a chur agus tuilleadh tacaíochta agus acmhainní a fháil. Cliceáil anseo le clárú:

<https://attendee.gotowebinar.com/register/4422933268300244749>

Idir an dá linn, d'ullmhaigh muid Doiciméad Ceisteanna Coitianta le haghaidh MRB 1: https://www.jct.ie/religious_education/assessment

Ciorclán 0076 / 2020

Doiciméad eile is fiú a léamh an ciorclán ina leagtar amach na socruithe maidir le Cur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach agus tagairt ar leith ann do scoilbhliain 2020 / 21: https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0076_2020.pdf

Athfhriotal na míosa

"Blessed is the season which engages the whole world in a conspiracy of love."



- Hamilton Wright Mabie



Leideanna Teicneolaíochta

Is suíomh gréasáin agus aip é Book Creator chun leabhair dhigiteacha a chruthú agus scileanna litearthachta a fhorbairt. Is féidir le scoláirí a n-acmhainní féin a dhéanamh trí théacs, íomhánna, ábhair fuaimne agus físe a chur le chéile, agus iad seo a chruthú:

- Scéalta idirghníomhacha
- Punanna digiteacha
- Irisí taighde



<https://bookcreator.com/>

Féadfaidh scoláirí leabhar digiteach a fhoilsiú ar théama ar leith nó leabhar a chruthú chun taighde atá déanta acu a chur i láthair. Thiocfadh le scoláirí a roghnú a gcuid taighde MRB a chur i láthair sa tslí sin. Bíonn deis ag scoláirí ansin táirge críochnaithe a chruthú, agus bíonn ardán acu lena gcuid foghlama a roinnt le piaráí nó le daoine eile.

Straitéis mholta don fhoghlaim le linn scaradh sóisialta

Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil ar conas Cruthaitheoir Leabhar a úsáid i do sheomra ranga. Straitéis úsáideach i dtreo 'A bheith liteartha' is ea aiseolas piaráí. Tugann sé deis do scoláirí foghlaim óna chéile agus a gcuid oibre féin a fheabhsú. Cuireann an straitéis seo le measúnú piaráí trí chritéir ratha a úsáid. Rinneadh an dá straitéis seo a nuashonrú don seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta agus / nó má bhítear ag plé le foghlaim ón mbaile ar shuíomh gréasáin an SSM.

Cliceáil [anseo](#) chun treoir a fháil ar **Aiseolas Piaráí** nó chun **Measúnú Piaráí ag Baint Úsáid as Critéir Ratha a rochtain**, cliceáil [anseo](#).

Tógann an straitéis seo scileanna tábhachtacha do na MRBanna agus scoláirí ag foghlaim conas oibriú le critéir ratha agus an t-am a ghlacadh chun a gcuid oibre a fheabhsú.

OR sa Nuacht



Ceiliúradh an Fhéile Hiondúch, Diwali, an mhí seo caite agus bhí roinnt clúdach suimiúil le feiceáil ar 'Soilsigh an Dorchadas' ar RTÉ ar féidir féachaint air trí chliceáil ar an nasc thíos:

<https://www.rte.ie/player/movie/light-up-the-dark/162657319969>

Tar éis beagnach dhá scór bliain de thiomsú airgid agus de phleanáil ag pobal Hiondúch na hÉireann, osclaíodh go foirmiúil na doirse sa chéad Teampall oifigiúil Hiondúch in Éirinn i mBaile Bhailcín, Baile Átha Cliath 12. Cliceáil anseo le haghaidh tuilleadh sonraí.



Acmhainní Nua: Póstaer Chuirteanna Fíorúla

Tá treoir ar Chuirteanna Fíorúla forbartha againn, chun cabhrú le scoláirí a ullmhú chun áiteanna a bhfuil tábhacht reiligiúnach leo a iniúchadh agus tá póstaer ar leith déanta againn do Chuirteanna Fíorúla ar Áiteanna Adhartha

Cuimsíonn sé treoircheisteanna agus naisc chuig áiteanna adhartha ón 5 reiligiúin dhomhanda.

Moltar roinnt torthaí foghlama freisin a dtiocfadh iniúchadh a dhéanamh orthu.

Faightear na póstaer ar Chuirteanna Fíorúla atá suite faoi Acmhainní Seomra Ranga ag an nasc thíos:

https://www.jct.ie/religious_education/resources

360° Religious Education
Places of Worship - Virtual Visits

Learning Objectives

- LO1: Explain any particular features from this sacred space that relate to the founder or to its early history.
- LO2: Describe, sketch or map out the structure of a place of worship.
- LO3: How might believers express their religious beliefs here?
- LO4: Identify and describe a religious event which might happen at this place of worship.
- LO5: Describe how individuals or groups who play a role in the religious tradition contribute to the meaning or significance of this place of worship.
- LO6: How might people search for meaning in the place of worship?
- LO7: Identify a similar site in your locality/region.

Learning Outcomes

- 2.1 Investigate how communities of faith that have a significant presence in their locality/region (the communities of faith chosen must be equivalent with that of the five major world religions studied in the specification).
- 2.2 Investigate how Christianity has contributed to the culture and heritage of the UK.
- 2.3 Describe and appreciate how people give expression to religious belief in religious rituals, in formal places of worship and other sacred spaces.
- 2.4 Describe the role of prayer in the lives of people of faith.
- 2.5 Synthesise and compare the religious gained across the major religions and how people express and act out their beliefs, religious or otherwise.
- 2.6 Research, write, illustrate or anthropological evidence that shows ways in which people have searched for meaning and purpose in life.

See the links on the QR codes to explore the resources.

See Think Wonder, Think Pair Share, Agree, Meet/mentor, Praise

© 2020 Junior CYCLE For Teachers

*Nollaig Shona Dhuit,
Ag súil go mór le sibh a fheiceáil ar Zoom in 2021,
Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh*

